# Ráiteas um Chumhdach Leanaí

## Cuireann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) seirbhísí sláinte poiblí agus sóisialta ar fáil in Éirinn. Caithimid dúthracht lena chinntiú go mbíonn na leanaí agus na daoine óga a úsáideann ár seirbhísí slán ó dhíobháil.

### Na prionsabail atá againn chun leanaí a chosaint in aghaidh díobhála

Creidimid gur cheart dúinn tús áite a thabhairt do leanaí i ngach a ndéanaimid. Tá sé de cheart ag leanaí a mhothú go bhfuil siad sábháilte, go bhfuil meas ag daoine eile orthu, agus go bhfuil siad á gcoinneáil slán ó dhíobháil, mí-úsáid, idirdhealú agus bulaíocht. Tá guth ag gach leanbh agus ba choir éisteacht leis freisin. Tugtar tús áite do leas leanaí i gcónaí, agus oibrímid go comhoibríoch freagrach le teaghlaigh, le baill foirne agus le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta chun leanaí a chosaint agus a chumhachtú, agus chun tacú leo. Cuirimid oiliúint ar na baill foirne le gur féidir leo cásanna mí-úsáide, díobhála agus dúshaothraithe leanaí a aithint agus freagairt dóibh. Is ar chrann gach duine a thiteann an cumhdach leanaí.

**Ainm agus seoladh na Seirbhíse:**

Oispídéal Ollscoille Mhaigh Eo, Caisleán an Bharraigh, Co Mhaigh Eo, F23 H529

**Cur síos ar an tseirbhís agus ar na gníomhaíochtaí a chuirimid ar fáil:**

Is leibhhéal 3 de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Thiar Iarthuisceart é Ospidéal Ollscoile Mhaigh Eo.

Soláthraíonn sé raon seirbhísí do leanaí agus do dhaoine fásta trí Rannóga mar an Roinn Éigeandála, Seirbhísí Othair Sheachtracha, Seirbhísí Máithreachais agus Seirbhísí Míochaine & Máinliachta eile.

## Rioscaí agus cén chaoi a mbainistímid iad

Tá an Ráiteas seo um Chumhdach Leanaí bunaithe ar mheasúnú a rinneamar ar an bhféidearthacht go ndéanfaí díobháil do leanbh agus an tseirbhís seo á húsáid aige nó aici. Tá sé dírithe ar rioscaí díobhála mar a shainmhínítear iad san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 (drochúsáid ghnéasach, fhisiciúil nó mhothúchánach agus/nó faillí, a dhéanann difear tromchúiseach, nó is dócha a dhéanfaidh difear tromchúiseach, do shláinte, d'fhorbairt nó do leas linbh) agus ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú. Ní dhéantar plé le rioscaí ginearálta cliniciúla ná rioscaí seachadta cúraim – amhail iad siúd a bhaineann le caighdeáin chúraim, diagnóis, cóireáil, teipeanna cumarsáide nó earráidí leighis) i gcás nach bhfuil aon ghné den chumhdach leanaí ag baint leo. Déantar na rioscaí sin a bhainistiú trí Rialachas Cliniciúil FSS agus Beartas agus Nósanna Imeachta FSS um Bainistíocht Riosca Fiontraíochta. Maidir le teagmhais chliniciúla a bhfuil gné cumhdaigh leanaí ag baint leo, mar shampla, faillí nó díobháil chliniciúil d'aon ghnó, úsáid mhíchuí srianta/cleachtas sriantach, nó riaradh cógais chun críoch seachas cóireáil, cuirtear san áireamh anseo iad i gcás inarb ábhartha.

Seo thíos achoimre ar na príomhrioscaí a sainaithníodh. **Tá measúnú riosca níos mionsonraithe maidir leis an tseirbhís seo ar fáil ach é a iarraidh.**

| Catagóir riosca | Rialuithe atá i bhfeidhm chun an riosca arna shainaithint a bhainistiú (i dteannta na nósanna imeachta atá luaite thíos) |
|---|---|
| 1. Riosca díobhála do leanbh ó bhall foirne, oibrí deonach nó mac léinn | • Tacú le Cultúr Sábháilteachta, Cáilíochta agus Cineáltais: Cód Iompair do Sholáthraithe Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta<br>• Beartas Náisiúnta Toilithe FSS |
| 2. Riosca díobhála do leanbh ó úsáideoir seirbhíse (duine fásta nó leanbh), cuairteoir nó ball den phobal | • Beartais maidir le ligean isteach, maoirseacht agus tionlacan de réir mar is ábhartha do sheirbhísí áitiúla<br>• Beartais rochtana poiblí de réir mar is ábhartha do sheirbhísí áitiúla |
| 3. Riosca díobhála do leanbh de dheasca teip ar bhall foirne ní is údar imní ó thaobh cosaint nó leas linbh a aithint nó a thuairisciú | • San áireamh i mBeartas Oiliúna Reachtúla agus Éigeantaí d'Fhostaithe FSS tá an modúl ríomhfhoghlama 'Tús Eolais ar Thús Áite do Leanaí'<br>• Tús Áite do Leanaí san áireamh san Oiliúint Ionduchtúcháin d'Fhostaithe FSS<br>• Straitéis Oiliúna agus Acmhainní Oifig Náisiúnta FSS um Thús Áite do Leanaí |
| 4. Riosca díobhála do leanbh de dheasca teip ar leanbh ní is údar imní ó thaobh cosaint nó leas linbh a aithint nó a thuairisciú | • Póstaeir atá dírithe ar leanaí ar 'A Bheith Sábháilte agus Cabhair a Iarraidh', Ráitis FSS um Chumhdach Leanaí agus Beartas Náisiúnta FSS um Chosaint agus Leas Leanaí<br>• Bileog agus foirm 'Do Sheirbhís, Do Thuairim' do dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois |
| 5. An riosca díobhála do leanbh de dheasca teip ar sheirbhís an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus/nó treoir agus beartais ghaolmhara a chur chun feidhme i seirbhísí de chuid FSS | • Na bearta rialachais agus monatóireachta comhlíontachta um Thús Áite do Leanaí atá i bhfeidhm<br>• Oifig Náisiúnta FSS um Thús Áite do Leanaí le tacú le cur i bhfeidhm Tús Áite do Leanaí |
| 6. An riosca díobhála do leanbh sa timpeallacht dhigiteach (lena n-áirítear teilileigheas, na meáin shóisialta, rochtain ar an ngréasán, ábhar leictreonach agus idirghníomhaíocht) | • Beartais Náisiúnta Slándála TF FSS<br>• Nósanna imeachta agus treoirlínte FSS maidir le sláinte dhigiteach<br>• Beartas Náisiúnta FSS maidir le Meáin Shóisialta agus Cosaint Sonraí – Úsáid Foirne |

**Déan an cód QR a scanadh chun tuilleadh eolais a fháil faoi na nósanna imeachta agus na rialuithe um humhdach leanaí atá i bhfeidhm againn**

### Nósanna imeachta chun leanaí agus daoine óga a chosaint in aghaidh díobhála

Chomh maith leis na rialuithe a luaitear thuas, tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas leis an rún atá againn leanaí a chosaint fad is atá ár seirbhísí á n-úsáid acu:

- Beartas Náisiúnta FSS um Chosaint agus Leas Leanaí agus na treoracha beartais a ghabhann leis (lena n-áirítear an nós imeachta um ní is údar imní maidir le cosaint nó leas leanaí a thuairisciú do Tusla)
- An nós imeachta um earcú agus roghnú sábháilte ball foirne agus oibrithe deonacha a bheidh ag plé le leanaí
- Na nósanna imeachta um oiliúint agus faisnéis um chumhdach leanaí a sholáthar agus rochtain orthu a éascú, lena n-áirítear sainaithint agus tuairisciú a dhéanamh ar tharlú díobhála
- An nós imeachta um liosta a choinneáil de na daoine sainordaithe in FSS
- An nós imeachta um bhainistiú líomhaintí mí-úsáide nó mí-iompair in aghaidh baill foirne nó oibrithe deonacha i leith leanbh atá ag úsáid ár seirbhísí (Muinín sa Chúram)
- An nós imeachta um dhuine iomchuí a cheapadh
- An Nós Imeachta Araíonachta d'Fhostaithe FSS
- Nósanna Imeachta FSS um Dhéileáil le Nochtaí Cosanta
- Beartas agus Nósanna Imeachta FSS um Bainistíocht Riosca Fiontraíochta
- Creat Bainistíochta Teagmhas FSS

## An ráiteas seo um chumhdach leanaí a chur chun feidhme

**Aithnímid gur próiseas leanúnach é an cur chun feidhme. Déanfaimid athbhreithniú ar an Ráiteas seo um Chumhdach Leanaí gach 2 bhliain (24 mí) nó a luaithe is féidir tar éis athrú ábhartha a theacht ar ábhar ar bith a mbaineann an ráiteas leis.**

| | |
|---|---|
| **Dáta a athbhreithnithe:** | 31 Lúnasa 2028 |
| **Ainm agus teideal an bhainisteora seirbhíse:** | Catherine Donohoe, Bainisteoir an Oispidéal |
| **Síniú an bhainisteora seirbhíse:** | [signature] |

Má tá ceist agat maidir leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo, déan teagmháil leis an **duine iomchuí:**

Ainm: Caitríona Breathnach, Príomhoibrí Sóisialta

Sonraí teagmhála: 094-9042100 socialwork.muh@hse.ie